

# An Garda Síochána



Office of the Minister for Integration  
Oifig an Aire Lághaireachta



## Eolas maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre.



### In Éirinn, tiománann trácht ar CHLÉ

Sula dtiománann tú feithicil ar an mbóthar in Éirinn ní mór duit a chinntiú go bhfuil an fheithicil faoi árachas, faoi cháin agus go bhfuil an Tástáil Náisiúnta Gluaisteán nó tástáil de chuid na Roinne Chomhshaoil críochnaithe agus go dtaispeántar gach díosca ar an ngaothscáth de réir mar atá riachtanach le dlí. Ní mór duit ceadúnas tiomána a bheith agat don fheithicil chomh maith.

Mar thiománaí faoi oiliúint in Éirinn, ón 4ú Aibreán 2011 ar aghaidh, ní mór duit dul i mbun teagaisc 12 huairé ag teagascóir cáilithe tiomána mar chuid den fhoghlaim chun carr a thiomáint nó i gcás ghluaisrothair ón 6ú Nollaig 2010 ní mór duit dul i mbun teagaisc 16 uaire. Ní cheadaítear duit mar fhoghlaiméir úsáid a bhaint as mótarbhealaí, ní mór duit plátaí “L” a thaispeáint agus ní mór duit a bheith á thionlacan ag tiománaí a bhfuil ar a laghad 2 bhliain taithí aige / aici ón uair a phasáil siad a gcuid tástáil tiomána.

Is gné mhór é luas i bhformhór de na himbhuailtí marfacha agus díobháil tromchúiseacha in Éirinn.

Is iad na huasteorainneacha luais in Éirinn (i gciliméadair in aghaidh na huairé) ná:

30ciliméadar san uair	Ceantair le húsaideoirí leochaileacha bóithre (coisithe, Rothaithe agus gluaisrothaithe)
50ciliméadar san uair	Limistéir fhoirgnithe uirbeacha
60ciliméadar san uair	Bealaí Móra go dtí nó bealaí tríd i gcathracha agus i mbailte móra
80ciliméadar san uair	Bóithre Tánaisteacha nó réigiúnda
100ciliméadar san uair	Príomhbhealaí Náisiúnta (ní mótarbhealaí iad siúd)
120ciliméadar san uair	Mótarbhealaí

Ní spriocanna iad Luasteorainneacha níl iontu go simplí ach an uasteorainn luais go bhfuil tú i dteideal a thiomáint ar réimse bhóthair i gcoinníollacha maithe. Ní mór duit a thiomáint ar luas atá cuí don bhóthar agus do choinníollacha aimsire, méid na tráchta atá i láthair agus an dóchúlacht atá ann maidir le contúirtí.

### Is féidir le moilliúchán beatha a shábháil.

# Ná hól agus ná tiomáin chóiche ná go deo.

## Conas mar a chuireann alcól isteach ar thiomáint.

Cuireann alcól isteach ar bhreithiúnas, amharc, comhordú agus aga frithghníomhúcháin.

Is féidir leis a bheith faoi deara mórearráidí tiomána ar nós:

A bheith ag tiomáint ar ró-luas nó ró-mhall ar fad

A bheith ag tiomáint sa lána mícheart nó a bheith ag trasnú lánaí

A bheith ag brisadh síneacha staid nó soilse dearga

A bheith ag scoitheadh go míchuí



## An Dlí

Is é an teorainn tiomána óil in Éirinn ná 80mg in aghaidh 100 ml fola

Is cion é tiomáint, iarracht ar thiomáint nó a bheith i bhfeighil fheithicle in Éirinn mura bhfuil smacht cuí agat ar an bhfeithicil de dheasca tomháltas alcóil nó drugaí.

Cuimhnigh go dtógann sé thart ar uair a' chloig sula bpasálann gach aonad alcóil tríd an gcóras meánduine

1 aonad = leathphointe beorach , miosúr beag biotáille nó gloine beag fíona.

Seolann An Garda Síochána tástáil anála randamach ar thiománaithe ar uairibh éagsúla den lá – tá tú tar éis rabhadh a fháil!

## Cuir crios sábhála ort roimh gach Turas.

Tá ceangal ar gach sealbhóir feithicle le dlí crios sábhála a chaitheamh. Is í freagracht an tiománaí a chinntiú go gcaitheann daoine faoi bhun 17 mbliana d'aois a gcrios sábhála.

Ní mór leanaí a iompar i suíocháin linbh atá cuí.

## Sábhálann criosanna sábhála beatha

## Tuirse.

Is gné é tuirse in a oiread agus 1 as 5 cinn de himbhualtí marfacha in Éirinn.

Ná dean neamhaird den tuirse.

Má mhothaíonn tú tuirseach tóg sos ó bheith ag tiomáint – is féidir le néal codalta de 15 go 20 nóiméad cúnamh a thabhairt duit.

Ma tá tú ag planáil tiomáint fada faigh codladh mhaith oíche an oíche roimh ré

Seachain alcól nó leigheas ar féidir a bheith faoi deara codaltacht

Déan machnamh ar an tiomáint a roinnt

## Fóin Póca.

Is cion é úsáid a bhaint as fón láimhe le linn duit a bheith ag tiomáint.

Bí aireach ar úsáid a bhaint as gléasanna eile leictreonacha le linn duit a bheith ag tiomáint – Is féidir le haon cur isteach a thógann d'aird ón mbóthar a bheith contúirteach.

**Arna eisiúint ag Aonad an Gharda Síochána um Shábháilteachta ar Bhóithre  
thar ceann Oifig Náisiúnta na Póilíneachta Pobail  
Roinn Caidreamh Pobail agus Póilíneacht Phobail an Gharda Síochána,  
Cearnóg Fhearchair, Baile Átha Cliath 2**

# An Garda Síochána



## Road Safety Information.



### D'fheithicil.

Ar bhonn rialta :

Seiceáil do bhoinn do bhrú agus do dhoimhneacht snáithe.

Seiceáil ola, uisce agus leibhéil eile leachta

Seiceáil le haghaidh ghearrtha nó dhamáiste.

Seiceáil na soilse agus na táscairí ar fad.

Coinnigh do ghaothscáth glan agus saor ó aon rud a d'fhéadfadh bac a chur ar d'amharc

Cinntigh go bhfuil an niteoir gaothscátha lán go barr

Seiceáil chun a chinntiú go bhfuil do bhonnán ag obair

Bíodh seirbhís déanta ar d'fheithicil ag tráthanna atá molta



### An Aimsir.

Nuair a bhíonn drochléargas i gceist, bain úsáid as do cheannsoilse maolaithe chun go bhfeicfar tú agus le bheith feicthe

Nuair a théann coinníollacha aimsire in olcas – maolaigh an luasráta

Ná húsaid ach soilse ceo nuair a bhíonn ceo nó sneachta ag titim agus ná déan dearmad ar iad a chasadh as nuair a thagann feabhas ar choinníollacha.

Cuimhnigh i gcoinníollacha sneachta nó leac oighir nó le linn báistí throm maolaigh an luasráta agus leathnaigh d'fhad ón bhfeithicil atá os do chomhair amach chun tuilleadh ama a cheadú duit stad.

### Pointí Píonóis.

Má bhailíonn tiománaí 12 pointe pionóis i dtréimhse 3 bliana, cailleann siad a gceadúnas tiomána go huathoibreach ar feadh thréimhse 6 mhí. Tá líon áirithe cionta difriúla ann a iompraíonn pointí pionóis lena n-áirítear a bheith ag taisteal ar ró-luas, gan crios sábhála a chaitheamh, tiomáint neamhaireach, ag dul trí shoilse dearga a bheith ag mainneachtain comharthaí stop / géill slí a chomhlíonadh. Féach ar

[www.penaltypoints.ie](http://www.penaltypoints.ie) le haghaidh liosta iomlán.

# Úsáideoirí Bhóthair Leochaileacha

## Coisithe.

Caith éadaí geala nuair a bhíonn tú ag siúl le linn uaireanta an dorchadais agus déan do mhacnamh ar thóirse a iompar.

Bain úsáid as an trasnán coisithe chun dul trasna an bhóthair nuair atá sé sin ar fáil.

Nuair nach bhfuil aon chosán ann, siúil in aghaidh na tráchta (ar thaobh na láimhe deise).

Ná trasnaigh an bóthar gar do thromfheithiclí earraí

Ná seas cóngarach do chiumhais an chosáin san áit a bhfuil tromfheithiclí ag casadh Stad, féach agus éist leis an trácht sula dtrasnaíonn tú an bóthar



## Rothaithe.

Féach agus bí feicthe. (Caith éadaí geala agus/nó beannóg, crios nó seaicéad fluaraiseach)

Caith clogad i gcónaí

Ní mór duit solas bán a thaispeáint chun tosaigh agus solas dearg chun deiridh chomh maith le frithchaitheoir dearg chun deiridh le linn uaireanta an dorchadais.

Ná déan rothaíocht i gcóngar do thromfheithiclí earraí go deo go háirithe nuair atá tú ag druidim le hacomhal.

Cloí le Rialacha an Bhóthair – go háirithe soilse dearga agus síneacha staid.

Ní mór duit lanaí rothaíochta a úsáid san áit a bhfuil siad á soláthar.

## Gluaisrothaithe / Paisinéirí Cúlóige.

Áirítear gluaisrothaithe a bheith thart ar 1.5% d'fheithiclí in Éirinn ach áirítear iad do thart ar 12% de bhás ar bhóithre

**NÍ MÓR DO** ghluaisrothaithe / phaisinéirí cúlóige clogad fraomha a chaitheamh.

Ní mór do ghluaisrothaithe / phaisinéirí cúlóige iad féin a dhéanamh sofheicthe ( caith éadaí geala frithchaitheacha nó ardingheictheachta agus tiomáin le ceannsholas maolaithe ar siúl) ar gach uairibh.

Ní mór do ghluaisrothaithe / phaisinéirí cúlóige éadaí cosanta a chaitheamh ar mhaithe lena sábháilteachta féin.

Ní mór do ghluaisrothaithe fios a bheith acu mar gheall ar a gcuid leochaileachta féin agus tiomáint dá réir.

Ba cheart do ghluaisrothaithe a ngluaisrothair a sheiceáil go rialta go háirithe coscáin, boinn (doimhneacht snáithe agus brú ), soilse, bonnán.



**Arna eisiúint ag Aonad an Gharda Síochána um Shábháilteachta ar Bhóithre  
thar ceann Oifig Náisiúnta na Póilneachta Pobail  
Roinn Caidreamh Pobail agus Póilneacht Phobail an Gharda Síochána,  
Cearnóg Fhearchair, Baile Átha Cliath 2**